


# Plean Forbartha Ealaíon Lú

2022-2026

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

www.louthcoco.ie

# Plean Forbartha Ealaíon Lú 2022-2026


| | | |
|---|---|---|
| I. | **Réamhrá** | **03** |
| II. | **Tús eolais** | **05** |
| III. | **Comhthéacs an Bheartais** | **06** |
| IV. | **Ár Seirbhís Ealaíon - Na rudaí a dhéanaimid** | **08** |
| V. | **Creat Straitéiseach** | **10** |
| VI. | **Monatóireacht agus Meastóireacht** | **16** |
| VII. | **Aguisíní:** | |
| VIII. | **Aguisín 1 - Torthaí an Chomhairliúcháin** | **18** |
| IX. | **Tagairtí Grianghrafadóireachta** | **31** |

# Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh Joan Martin



Tá lúcháir orm fáilte a chur roimh an bPlean Forbartha Ealaíon 2022-2026 nua seo. Tá earnáil shaibhir ealaíonta i gContae Lú agus tá a oidhreacht agus a gcultúr eitseáilte sa tírdhreach. Is foinse inspioráide é an talamh torthúil seo d'intinní cruthaitheacha agus le blianta fada tá Lú chun tosaigh i réimse na forbartha ealaíne, agus é ar cheann de na chéad chontaetha in Éirinn a cheap Oifigeach Ealaíon mar bhall foirne dá údarás áitiúil.

Aithníonn Comhairle Contae Lú luach na hearnála ealaíon mar ghné thábhachtach de phobail áitiúla inbhuanaithe, agus déanann sí cúram ar leith de leas a cuid saoránach. Is fianaise air seo feabhsú na spásanna cultúrtha lena n-áirítear; Ionad Ealaíon na Tána, Ionad Ealaíon an Droichid, Gailearaí Highlanes agus an Músaem Contae, Dún Dealgan, i measc áiteanna eile.

Tá sé mar aidhm ag Plean Forbartha Ealaíon Lú timpeallacht thacúil a sholáthar d'ealaíontóirí chun a gcleachtas a fhorbairt in éineacht le tacú le raon leathan deiseanna chun na healaíona a thabhairt isteach i bpobail. Tá sé ríthábhachtach go bhféachaimid chuige go bhfuil ár gclár bunaithe ar an gcuimsitheacht. Ba cheart go mbeadh an earnáil ealaíon ar fáil do chách agus ní mór dúinn a chinntiú go sroichfimid grúpaí imeallaithe, iad siúd a bhfuil cónaí orthu i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus iad siúd nach mbeadh taithí acu ar bhealaí eile ar luach na n-ealaíon agus an chultúir ina saol laethúil.

Aithnímid luach na n-ealaíon maidir le forbairt ár bpáistí agus ár ndaoine óga chomh maith le tacaíocht a sholáthar agus feabhas a chur ar cháilíocht na beatha dár ndaonra atá ag dul in aois. Aithnímid an líon mór ealaíontóirí a chónaíonn agus a oibríonn sa chontae seo in éineacht leis na hionaid ealaíon agus eagraíochtaí ealaíon a dhéanann an oiread sin chun cur le creatlach shaibhir shóisialta, eacnamaíoch agus ealaíne an chontae seo agus a shaoránaigh.

Tar éis an chomhairliúcháin agus na gceardlann le príomhpháirtithe leasmhara tá plean forbartha curtha le chéile againn ina leagtar amach na tosaíochtaí straitéiseacha d'earnáil na n-ealaíon do na cúig bliana amach romhainn suas go dtí 2026 agus an bhliain sin san áireamh. Saibhreoidh an Plean Forbartha Ealaíon seo an timpeallacht ealaíne agus cuirfidh sé creat ar fáil don Chontae de réir bheartais náisiúnta ealaíon na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus bheartais na Comhairle Ealaíon agus táim ag tnúth le taitneamh a bhaint as obair chruthaitheach agus léiriú ealaíonta ár saoránach sna blianta amach romhainn.

*Joan Martin*

**Joan Martin,**
Chief Executive Louth County Council

# Réamhrá



Mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Lú fáiltím roimh an bPlean Forbartha Ealaíon 2022-2026 nua seo, a fhéachann le feabhas a chur ar an timpeallacht ealaíonta rathúil atá i réim anseo i Lú, agus í a thacú agus a fhorbairt.

Is é an Plean Forbartha seo ráiteas rún straitéiseach Lú maidir le Seirbhís Ealaíon a sholáthar atá inbhuanaithe agus cuimsitheach. Leagtar amach ann ár dtosaíochtaí straitéiseacha agus ár gcroíchuspóirí maidir le forbairt na n-ealaíon i gContae Lú a chuirfear ar fáil laistigh den tréimhse cúig bliana suas go dtí 2026 agus an bhliain sin san áireamh.

Déanfaidh Oifig Ealaíon Chontae Lú an straitéis seo a chomhlíonadh, ag obair i gcomhar le go leor rannóga eile sa chomhairle, chun tacú le feabhsú na hearnála ealaíon ag cinntiú go mbeidh teacht ar lucht féachana forleathan orthu agus ionadaíocht éagsúil ag an bpobal ann. Chomh maith le bheith ag obair trasna earnálacha laistigh den údarás áitiúil oibreoidh siad le comhpháirtithe straitéiseacha na hoifige ealaíon chun a chinntiú go mbeidh an obair ar ardchaighdeán agus go mbeidh tionchar aici ar gach leibhéal.

Táim ag tnúth le torthaí na straitéise seo a fheiceáil ag dul chun tairbhe do shaoránaigh uile Chontae Lú sna míonna agus sna blianta amach romhainn.

Conor Keelan

**Cllr. Conor Keelan,**
Cathaoirleach Chomhairle Contae Lú

# Tús eolais

Tá Contae Lú suite ar an gcósta thoir leath bealaigh idir an dá chathair is mó in Éirinn, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste. Tá daonra 128,884 sa chontae (Daonáireamh 2016), méadú 4.9% ar Dhaonáireamh 2011 atá níos airde ná an meánráta fáis náisiúnta de 3.8%. In 2016, ba mhná iad 50.7% (76,498) de dhaonra an toghcheantair agus ba fhir iad 49.3% (74,426).

Bhí 27.8% de dhaonra Lú faoi 18 mbliana d’aois (níos airde ná an meán náisiúnta de 25%) agus bhí 12.1% díobh 65 bliain d’aois nó níos sine in 2016. I nDaonáireamh 2016, dúirt 88.2% den daonra a bhfuil gnáthchónaí orthu i Lú gur Éireannaigh iad, Taifeadadh sláinte mhaith/an-mhaith i gcás 86% den daonra agus meánioncam indiúscartha de €18,359.

Cé gurb é Lú an contae is lú sa stát le hachar 827 km2 (Daonáireamh 2016), is é an contae is dlúithe daonra in Éirinn é, taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, le dlús daonra 156 duine in aghaidh an km2, i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 70 duine in aghaidh an km2. Tá dhá cheann de na trí bhaile is mó sa tír ina chónaí ann chomh maith, is iad sin, Droichead Átha agus Dún Dealgan, agus tá formhór an daonra ina gcónaí i gceantair uirbeacha – timpeall 66.1% (85,224).

Tá gréasán de bhailte agus de shráidbhailte tarraingteacha ag Contae Lú, suite i raon éagsúil tírdhreacha agus i dtimpeallacht nádúrtha; tá oidhreacht nádúrtha agus tógtha shaibhir agus éagsúil aige, a chuireann go mór le carachtar, féiniúlacht agus braistint áite an chontae.

Bhí ar Chontae Lú, cosúil leis an gcuid eile den tír, dul i dtaithí agus oiriúnú do thionchar na paindéime agus na n-athruithe a tharla agus a chruthaíonn dúshláin agus deiseanna araon.

Is mór an tionchar a bhí ag Covid-19 ar earnáil na n-ealaíon agus an chultúir. Léiríonn taighde a choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon ó EY go mbeadh 4 as gach 10 bpost tar éis a bheith caillte gan tacaíocht stáit, agus fiú le tacaíocht rialtais, chiall 39% d’ealaíontóirí titim 50% ar theacht isteach. Léiríonn taighde Iompraíochta agus Dearcadh choimisiúnaigh an Chomhairle Ealaíon freisin go bhfuil méadú ag teacht ar an lucht féachana agus éisteachta i dtreo tomhaltais ar líne ag eascairt as an glasú. Mar an gcéanna, tháinig laghdú ar líon na ndaoine fásta Éireannacha a bhí ag tnúth go mór le freastal ar imeachtaí go pearsanta i gcomparáid le hamanna roimh Covid.

Cé go raibh tionchar mór ag an bpaindéim ar an éiceachóras ealaíon agus cultúrtha ar fad agus ar an mbealach a théann daoine i ngleic leis na healaíona, léirigh an ghéarchéim tuilleadh an ról tábhachtach atá ag na healaíona agus ag an gcultúr mar acmhainn mhór don athléimneacht, don cheangal sóisialta agus don téarnamh. Tá bealaí nua curtha ar fáil ag teicneolaíochtaí digiteacha do dhaoine, sa bhaile de ghnáth, chun ceangal a dhéanamh leis an gcultúr agus tá an fás ar spás poiblí tar éis bealaí nua agus samhlaíocha a oscailt chun todhchaí na n-ealaíon a athshamhlú mar chuid lárnach den téarnamh eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil. Cuirfidh síneadh an chláir Éire Chruthaitheach suas go dtí 2027 ar chumas líon níos mó daoine aonair agus pobal a n-acmhainneacht chruthaitheach a bhaint amach go hiomlán.

Neartófar comhoibriú lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha ar nós Creative Spark, Ionad Ealaíon na Tána, Gailearaí Highlanes, Music Generation Louth, Ionad Ealaíon an Droichid agus eile, sna blianta atá le teacht chun glacadh leis na deiseanna seo agus chun a bhfuil beartaithe i bPlean Forbartha Ealaíon Lú 2022-2026 a chur ar fáil.

---

[1] **Tuarascáil EY ar an Measúnú Tionchair Fostaíochta agus Eacnamaíoch de COVID-19 ar Earnáil na nEalaíon in Éirinn, 2020**
[2] **Tuarascáil ar na hEalaíona le linn na Glasála, Iompraíochtaí agus Dearcthaí; arna coimiciúnú ag an gComhairle Ealaíon, 2021.**

# Comhthéacs an Bheartais

**Tá ról tábhachtach ag Plean Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Lú 2022-2026 maidir le tacú le cuspóirí beartais shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha Chomhairle Contae Lú agus tá sé suite laistigh de chomhthéacs náisiúnta reachtaíochta agus beartais ghinearálta.**

## Creat Reachtaíochta

Ceanglaíonn Alt 6.(1) den Acht Ealaíon 2003 ar údaráis áitiúla pleananna a ullmhú agus a chur i bhfeidhm d'fhorbairt na n-ealaíon laistigh dá réimsí feidhme agus, á dhéanamh sin, cuirfidh siad san áireamh beartais an Rialtais maidir leis na healaíona.

Tá sé ráite in 6.(2) gur féidir le húdarás áitiúil cibé cúnamh airgeadais nó cúnamh eile is cuí leis a sholáthar do cibé daoine nó i leith cibé gníomhaíochtaí nó gnóthais, chun críocha a) leas an phobail sna healaíona a spreagadh; b ) eolas agus léirthuiscint ar na healaíona a chur chun cinn nó; c) caighdeáin na n-ealaíon a fheabhsú.

Ionchorpraíonn na healaíona mar atá sainmhínithe san Acht Ealaíon 2003: "aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínithe (cibé acu traidisiúnta nó comhaim-seartha) i cibé foirm, agus lena n-áirítear go háirithe, na hamharcealaíona, an téatar, an litríocht, an ceol, an rince, an ceoldráma, an scannán, an sorcas agus an ailtireacht agus folaíonn sé aon mheán nuair a úsáidtear é chun na gcríoch sin."

## An Creat Náisiúnta Beartas

Soláthraíonn an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an creat beartais agus reachtaíochta náisiúnta agus na hacmhainní airgeadais chun tacú le spreagadh agus forbairt na n-ealaíon in Éirinn. Cuireann beartais náisiúnta eolas ar fáil don chomhthéacs ina ndéanann Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Lú struchtúr agus seachadadh ar a cuid tacaíochtaí agus cláir. Cuireann an plean seo forbairtí le déanaí san áireamh i gcomhthéacs na n-ealaíon go náisiúnta, go háirithe iad seo a leanas:

- ***Cultúr 2025: Creat Beartais Chultúir Náisiúnta (2020)***
- ***Saothar Ealaíne Sármhaith a Dhéanamh (2015 – 2025) na Comhairle Ealaíon***
- ***Maireachtáil, Oiriúnú, Athnuachan: Freagairt na Comhairle Ealaíon ar an ngéarchéim Covid-19 do na hEalaíona in Éirinn.***

Ina theannta sin, aithníonn an Plean Forbartha Ealaíon seo deiseanna do na healaíona laistigh de Chlár Éire Chruthaitheach Chontae Lú mar a leagtar amach inár Straitéis Cultúir agus Cruthaitheachta Chontae Lú 2018 – 2022.

Neartaítear ár gcomhpháirtíocht fhadtréimhseach leis an gComhairle Ealaíon trínár gComhaontú ar Chreat Oibre leis an gComhairle Ealaíon don tréimhse 2022-2025.



## An Creat Náisiúnta Beartas

**Tá an Oifig Ealaíon laistigh den Stiúrthóireacht Forbartha Sóisialta. Agus an Plean Forbartha Ealaíon seo á ullmhú, fuair an Oifig Ealaíon eolas ó:**

### Plean Corparáideach Chomhairle Contae Lú 2019 – 2024

**Fís:** Ceannaireacht a sholáthar agus seirbhísí ardchaighdeáin, freagrúla, éifeachtacha, dírithe ar an saoránach, a chur ar fáil

**Cáilíocht na Beatha**

- Áiteanna iontacha le maireachtáil agus le hobair dheonach a dhéanamh iontu a dhéanamh dár bpobail - ina mbeidh bród ar gach duine as a gceantar áitiúil
- Go mbainfidh ár saoránaigh go léir leas as ár Seirbhísí Ealaíon, Cultúir agus Leabharlainne
- Áit iontach maireachtála a dhéanamh de Lú ar son
  - Ár ndaoine scothaosta
  - Ár nGlúin Óg
  - Inimircigh agus gach pobal mionlaigh
  - Agus áit inar féidir leo siúd atá faoi mhíchumas gnáthshaol a chaitheamh i ngnátháiteanna

### Plean Forbartha Contae Lú 2021 – 2027

**Fís:** Contae Lú a chur chun cinn go háirithe Ionaid Fáis Réigiúnacha Dhroichead Átha agus Dhún Dealgan, mar áiteanna tarraingteacha le maireachtáil agus oibriú iontu, cuairt a thabhairt orthu agus gnó a dhéanamh iontu agus áit a bhfuil cáilíocht na ndeiseanna fostaíochta agus oideachais, an chomhshaoil nádúrtha agus tógtha na n-eispéireas cultúrtha agus soláthar na bpobal cuimsitheach ar na caighdeáin is airde, agus muid ag aistriú chuig sochaí ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide de.

### Plean Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail Chontae Lú 2016 – 2022

**Fís:** Contae rachmasach, mórtasach, sábháilte agus cuimsitheach a bheas i Lú mar a bhfuil fonn ar dhaoine maireachtáil, dul i mbun oibre, teacht ar cuairt nó infheistíocht a dhéanamh ann, agus a bhfuil deiseanna comhionanna ann do chách.

**Sprioc 1:** Folláine agus caighdeáin saoil a chumasú mar thaca le pobail shábháilte, athléimneacha, neamhspleácha agus rannpháirteacha.

**Cuspóir 1.** Caipiteal pobail agus comhoibriú a chothú i bpobail ar fud an chontae.

**Gníomhaíocht 1.4** Straitéis agus clár ealaíon a fhorbairt ina dtacaítear lenár n-ealaíontóirí, ina bhfeabhsaítear an rochtain ar na healaíona agus ina méadaítear leibhéil rannpháirtíochta an phobail.

# Ár Seirbhís Ealaíon - Na rudaí a dhéanaimid

**Misean: Cuireann Seirbhís Ealaíon Lú sochaí chun cinn ina léirítear luach ar na healaíona, agus ina n-aithnítear a luach dearfach do dhaoine aonair agus do phobail.**



# Fís

Is í an fhís atá againn na healaíona a atógáil i dtírdhreach atá athraithe ag Covid 19 agus na healaíona a ionchorprú i bhforbairt eacnamaíoch an chontae ar mhaithe leis an bpobal ealaíonta agus an phobail i gcoitinne lena chinntiú gur áit iontach é Lú le dul i mbun oibre ann, le maireachtáil ann agus le cuairt a thabhairt air.

# Luachanna

**Meas:**
ar ealaíontóirí, pobail, saorálaithe, rannpháirtithe agus lucht féachana/éisteachta de gach aois agus de gach cúlra sóisialta.

**Comhpháirtíocht agus Comhoibriú:**
comhráite a chothú agus caidreamh a thógáil.

**Nascacht:**
rochtain ar dheiseanna cruthaitheacha do dhaoine agus do phobail ar fud an chontae a thacú agus a fhorbairt.

**Nuálaíocht:**
a bheith forásach agus cruthaitheach sa tslí a smaoinímid ar na hathruithe ar iompraíocht is gá i dtaca le gníomhú ar son na haeráide agus forbairt eacnamaíoch.

**Trédhearcacht agus Cuntasacht:**
Inár gcláir, scéimeanna maoinithe, tionscadail agus tionscnaimh ar fad, agus luach ar airgead a chinntiú.

# Creat Straitéiseach

Forbraíodh na tosaíochtaí straitéiseacha atá mar chroílár ár bPlean Forbartha Ealaíon trínár bpróiseas comhairliúcháin a chuimsigh fócasghrúpaí leis an earnáil, teagmháil le rannóga eile i gComhairle Contae Lú agus suirbhé poiblí. Tá sonraí an phróisis chomhairliúcháin leagtha amach in Aguisín 1. Tugann na tosaíochtaí straitéiseacha deis do Chomhairle Contae Lú díriú ar réimsí ar leith a chuirfidh lena tairiscint ealaíon agus a fhorbróidh í tuilleadh sa todhchaí. Soláthróidh siad fócas spriocdhírithe don tSeirbhís Ealaíon sna cúig bliana atá romhainn.

**Oibríonn an tSeirbhís Ealaíon i gcúig phríomhréimse –**

## Ealaíona Pobail

Tacaímid le cruthaitheacht ag leibhéal an phobail trí thionscnaimh a chur ar bun ina gcuirtear ealaín ar fáil lasmuigh d'ionaid fhoirmiúla ealaíon. Áirítear ar an obair a chuirtear ar fáil cláir ealaíon san oideachas mar na tionscadail Irish Alive agus Mostly Female a fhágann go mbeidh Bailiúchán Ealaíne an Chontae, Taisce Lú, inrochtana ag bunscoileanna agus meánscoileanna araon. Déanaimid éascú ar rannpháirtíocht daoine scothaosta i suíomhanna Bealtaine trí Cheol i socruithe Cúram Sláinte. Agus lenár mballraíocht i dTionscnamh Éire Chruthaitheach cuireann ár bhFoireann Cultúir Lú maoiniú ar fáil freisin do thionscadail a thugann na healaíona agus an cultúr go díreach isteach i suíomhanna pobail i limistéir faoi mhíbhuntáiste agus chuig grúpaí imeallaithe ag cinntiú cuimsitheacht ar fud an chontae.

## Gníomhaíochtaí Ealaíne a Phleanáil agus a Fhorbairt

Chun tacú le healaíontóirí glacaimid páirt i gcláir Ealaíontóirí Cónaithe le roinnt dár gcomhpháirtithe straitéiseacha chomh maith le tacú le stiúideonna ealaíontóirí agus cuirimid raon tacaíochtaí ar fáil inár scéimeanna deontais. Déanaimid saothair ealaíne nua agus ábhartha a choimisiúnú thar raon meán a léiríonn pobail, oidhreacht agus mianta Lú, ag baint úsáide as Scéim an Chéatadáin don Ealaín. Déanaimid múrmhaisiú a éascú, saothar ealaíne a fháil do Taisce Lú, cnuasach amharcealaíne na Comhairle, agus oibrímid le féilte ealaíon ar fud an chontae. Le Éire Chruthaitheach Lú féachaimid freisin le tionscadail ar fud an chontae a bhfuil tionchar agus oidhreacht ag baint leo a aithint ar féidir linn tacaíocht a thabhairt dóibh. Ina measc seo bhí Féile SEEK, Stiúideónna Ealaíontóra Borrowed Ground agus Tionscadail na bhFocal Trodach.

## Maoiniú agus Comhpháirtíocht

Tacaíocht airgeadais a thabhairt d'ealaíontóirí agus do phobail i Lú trí raon deiseanna maoinithe saincheaptha, agus oibriú le heagraíochtaí ag leibhéal an Bhoird chun na healaíona agus cruthaitheacht a chur chun cinn inár gcontae. Tá maoiniú ar fáil trínár trí Éire Chruthaitheach Lú trínár Scéim Deontais Pobail agus trínár maoiniú CreateLouth lenár Scéimeanna Deontais faoi Acht Ealaíon lena n-áirítear an Scéim Cheannaigh d'Uirlisí Ceoil Scoile, Scéim Cónaitheachta Tyrone Guthrie agus Scoláireachtaí Scoil Shamhraidh Chumann Drámaíochta na hÉireann. Ciallaíonn ár gComhpháirtíocht leis an gComhairle Ealaíon, Éire Chruthaitheach agus obair a dhéanaimid lenár gcomhpháirtithe straitéisteacha gur féidir linn clár bríoch agus tionchar a sheachadadh do phobail agus d'earnáil na n-ealaíon i Lú.

## Comhfhorbairt Áite agus Gníomhú ar son na hAeráide

Oibreoimid go dlúth le hearnálacha eile laistigh den Chomhairle ar nós Gníomhú ar son na hAeráide, OFÁ (Oifig Fiontair Áitiúil) agus Forbairt Eacnamaíochta chun tacú le seachadadh príomhbheartais na comhairle agus chun réimsí a aithint inar féidir linn leas a bhaint as na healaíona agus as an gcruthaitheacht chun cur le Comhfhorbairt Chruthaitheach Áite Lú agus a thimpeallacht agus athruithe ar iompraíocht a spreagadh maidir le Gníomhú ar son na hAeráide.

## Faisnéis agus Comhairle

Eolas a chur ar fáil ar imeachtaí agus deiseanna trínár suíomh Gréasáin, www.createlouth.ie, agus trí bhunachair shonraí ar nós Taisce Lú a fhorbairt atá ar fáil don phobal. Freagraímid go pras d'iarratais ar fhaisnéis ar bhonn duine le duine, agus cuirimid seirbhísí meantóireachta agus comhairleacha ar fáil d'ealaíontóirí inár gcontae.



# Tosaíochtaí Straitéiseacha

## Tosaíocht 01
### Tacú le hEalaíontóirí & Bonneagar a Fhorbairt
Is trí ealaíontóirí a chuirtear na healaíona agus an cultúr ar fáil i gContae Lú. Tá sé ríthábhachtach dúinn tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí agus acmhainní a sholáthar d'ealaíontóirí má táimid chun plean ealaíonta cuimsitheach agus bríomhar a sheachadadh.

## Tosaíocht 02
### Pobal, Sláinte agus Folláine
Creidimid gur chóir go mbeadh an ealaín inrochtana do chách agus go mbeadh an oiread tionchair agus is féidir ag cách uirthi. Tá sé mar aidhm againn Plean Forbartha Ealaíon a sheachadadh atá cuimsitheach agus éagsúil agus a shroichfidh gach earnáil dár bpobal, go háirithe grúpaí imeallaithe agus iad siúd ar as ceantair faoi mhíbhuntáiste iad.

## Tosaíocht 03
### Leanaí agus Daoine Óga
Is iad seo croí ár bpobail agus braitheann an todhchaí ar iad a bheith athléimneach agus i mbun fáis. Tá sé ríthábhachtach go gcothóimid iad agus go dtabharfaimid spreagadh dóibh.

## Tosaíocht 04
### Ealaíona agus Daoine Scothaosta
Aithnímid tábhacht na n-ealaíon agus na cruthaitheachta dár bpobal atá ag dul in aois. Déanaimid ár ndícheall seirbhís ealaíon a chur ar fáil ina gcuirtear le caighdeán an tsaoil do chách agus ina bhféachtar chuige gur féidir leis na healaíontóirí is sine leanúint dá gcleachtas, áit is féidir.

## Tosaíocht 05
### Lú a chur chun cinn mar áit iontach chun dul i mbun oibre ann, maireachtáil ann agus cuairt a thabhairt uirthi
Ní mór dúinn a chinntiú go bhféachtar ar Lú mar chontae a fhéadann mórchuid a chur ar fáil don phobal agus as sin a thugann gnó agus fás eacnamaíoch isteach sa réigiún.






LOUTH
LÚ

# Tosaíochtaí Straitéiseacha agus Gníomhartha

## Tosaíocht 1: Tacú le hEalaíontóirí & Bonneagar a Fhorbairt

- Tabharfar tacaíocht d'ealaíontóirí trí chónaitheachtaí, coimisiúin, dámhachtainí deontais agus deiseanna oiliúna forbartha gairmiúla.
- Cuirfear tacaíocht leanúnach ar fáil d'Ionad Ealaíon na Tána, Ionad Ealaíon an Droichid, Gailearaí Highlanes agus Creative Spark chun cláir a dhéanamh le healaíontóirí áitiúla agus acmhainní a chur ar fáil d'ealaíontóirí áitiúla chun a gcleachtais a fhorbairt.
- Spreagfar ealaíontóirí chun dul i ngleic leis an tseirbhís agus leis an mbonneagar ealaíon agus nuair is cuí a gcumas gnó a mhéadú trí raon cúrsaí.

## Tosaíocht 2: Pobal, Sláinte agus Folláine

- Deis agus rochtain a sholáthar d'ealaíontóirí agus d'éascaitheoirí oibriú i gcomhar le grúpaí pobail chun raon tionscadal ealaíon agus cultúir a sheachadadh chun folláine na rannpháirtithe a fheabhsú.
- Déanfaidh an tSeirbhís Ealaíon a dícheall raon tionscadal a sheachadadh chun dul i ngleic le saincheisteanna meabhairshláinte & mothúcháin aonraithe trí oibriú le heagraíochtaí pobail i gcroílár Lú a bhfuil caidreamh seanbhunaithe acu leo siúd atá i ngátar ar nós FSS, Turas agus ionaid acmhainní agus for-rochtana éagsúla.
- Díreoidh an tSeirbhís Ealaíon ar thionscadail a thabhairt isteach sa phobal chun tuilleadh rannpháirtíochta a mhisniú. Tabharfaidh fócas sonrach níos mó cuimsitheachta, éagsúlachta agus comhionannais trí obair a dhéanamh le grúpaí imeallaithe agus leo siúd atá ina gcónaí i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

## Tosaíocht 3: Leanaí agus Daoine Óga

- Leanfaidh Oifig Ealaíon Lú ag cur chun cinn na n-ealaíon agus an chultúir do leanaí agus daoine óga le hinfheistíocht leanúnach i gcláir a dhíreoidh ar na haoisghrúpaí seo lena n-áirítear Music Generation, Deireadh Seachtaine Amharclannaíochta Óige agus tionscadail a thabharfaidh bailiúchán ealaíne Taisce Lú amach chuig na scoileanna.
- Ealaíontóirí agus ár n-eagraíochtaí ealaíon a nascadh le scoileanna chun oibriú le leanaí ó aois óg chun leas na healaíne agus an cumas atá aici cabhrú leo iad féin a chur in iúl a fheiceáil.
- Ag leanúint ar aghaidh trínár dTionscnamh Éire Chruthaitheach beidh lá bliantúil Chruinniú na nÓg ar a dtugtar na healaíona agus an cultúr chuig leanaí i bpobail trí raon ceardlanna sna seachtainí roimhe sin agus ar an lá féin.




## Tosaíocht 4: Tacú lenár bPobal atá ag dul in Aois

- Díreoidh an tSeirbhís Ealaíon go sonrach ar oibriú le grúpaí agus áiseanna a thacaíonn go sonrach lenár ndaonra atá ag dul in aois chun cláir ealaíon a sheachadadh chun folláine agus cáilíocht na beatha a fheabhsú.
- Déanfaidh an tSeirbhís Ealaíon a dícheall raon tionscadal a sheachadadh chun dul i ngleic le saincheisteanna meabhairshláinte & mothúcháin aonraithe trí oibriú le heagraíochtaí pobail i gcroílár Lú a bhfuil caidreamh seanbhunaithe acu leo siúd atá i ngátar, ar nós FSS agus Age Friendly, chomh maith le grúpaí tríd an líonra PPN a bhaineann go sonrach le baill atá ag dul in aois.
- Oibreoidh an tSeirbhís Ealaíon chun tacú le healaíontóirí níos sine sa phobal rochtain a fháil ar sheirbhísí agus a gcuid oibre a chur chun cinn.

## Tosaíocht 5: Lú a chur chun cinn mar áit iontach chun dul i mbun oibre ann, maireachtáil ann agus cuairt a thabhairt

- Tacú le Féilte Ealaíon, le grúpaí agus le heagraíochtaí leanúint ar aghaidh ag seachadadh clár ealaíon a mheallann ealaíontóirí agus lucht féachana ó lasmuigh de Lú agus ag an am céanna tallann áitiúil a chothú.
- Oibriú le foireann Ríochta Poiblí sa chomhairle chun na healaíona a chuimsiú sa rannchuidiú agus i bpleanáil tionscadal amach anseo agus chun deiseanna a lorg don Scéim Céatadáin don Ealaín.
- Lú a chur chun cinn mar chontae a bhfuil go leor tarraingtí agus buntáistí ag baint leis d'ealaíontóirí, lena n-áirítear cuideachtaí scannán a mhealladh chun Lú a úsáid mar shuíomh.
- Oibriú leis an OFÁ (Oifig Fiontair Áitiúil) agus na rannóga Forbartha Eacnamaíochta chun Lú a chur chun cinn agus a fhorbairt trí raon cúrsaí oiliúna agus imeachtaí a chuirfidh leis an ngeilleagar cruthaitheach agus a thógfaidh todhchaí inbhuanaithe don tionscal.

# Monatóireacht agus Meastóireacht

**Táimid tiomanta do mhonatóireacht agus measúnú leanúnach agus muid ag dul chun cinn le cur i bhfeidhm Phlean Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Lú agus úsáidfear an cur chuige seo a leanas chun ár ndul chun cinn a thomhas:**

- Aiseolas cáilíochtúil agus cainníochtúil ón bpobal
- Aiseolas a bhailiú ó chomhpháirtithe inár gcomhchláir go léir
- Nuashonruithe rialta do Chomhairle Contae Lú agus do phríomhpháirtithe leasmhara
- Plean oibreacha bliantúil a ullmhú
- Rianaire Iniúchta Deontais Ealaíon trí Create Louth a chuimsíonn seiceálacha do bhrandáil, lógónna agus imeachtaí atá ar siúl

**Tugann an tSeirbhís Ealaíon faoi thuairisciú rialta freisin don Chomhairle Ealaíon mar phríomhchuid dár n-iarratas ar mhaoiniú agus don Roinn Turasóireachta, Ealaíon, Cultúir, Gaeltachta, Spóirt agus Meán don Tionscnamh Éire Chruthaitheach.  Áirítear leis seo seachadadh tuarascálacha tionchair i ndáil le**

- Rannpháirtíocht agus tinreamh an lucht éisteachta
- Tacaíochtaí a thugtar d'ealaíontóirí
- Líon na n-ealaíontóirí fostaithe
- Aiseolas ar imeachtaí agus ar chláir



Múrphictiúr Boann – Arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon le maoiniú an Tionscnaimh In the Open I Faoin Spéir, Comhairle Contae Lú, Love Drogheda BIDS agus Bearta Luasghéaraithe Baile & Sráidbhaile. Le tacaíocht ón d hotel, Colourtrend Paints agus Murtagh's i nDroichead Átha – Sonraí an ghrianghradóra, Jenny Callanan.



Butterflies in your Stomach (Féileacáin sa Bholg) – múrmhaisiú LGBTQ+ & an t-ealaíontóir Alice Lambert. An maisitheoir Francach Licea a dhear agus a chruthaigh an múrmhaisiú seo mar chuid d'Fhéile SEEK, socrú comhoibritheach idir Dundalk BIDS agus Creative Spark, in éineacht lena bpríomhurra Colourtrend. Arna thacú ag Comhairle Contae Lú agus clár Éire Chruthaithí – Sonraí an ghrianghradóra, Ken Finnegan.



# Aguisín – Torthaí an Chomhairliúcháin

Próiseas comhoibritheach is ea Plean Forbartha Ealaíon Lú 2022-2026 lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha agus leis an bpobal. Ar na príomhchéimeanna tá:

### Taighde Deisce

Athbhreithniú agus anailís ar na príomhdhoiciméid bheartais, ar straitéisí agus ar thionscadail ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta

### Comhairliúchán le Geallsealbhóirí*

- Ceardlann um Pleanáil Straitéiseach le Comhpháirtithe Straitéiseacha le hanailís PESTEL agus SWOT
- Ceardlann um Pleanáil Straitéiseach le Bainisteoirí Chomhairle Contae Lú le hAnailís PESTEL agus SWOT

### Suirbhé Poiblí

Bhí an suirbhé poiblí bunaithe ar théamaí a d'eascair as an gcomhairliúchán le páirtithe leasmhara agus dearadh é chun tuairimí an phobail a fháil ar a dtaithí ar an tSeirbhís Ealaíon agus conas ba cheart tosaíocht a thabhairt don obair sin sna cúig bliana amach romhainn

# *Liosta na Rannpháirtithe Ceardlainne

**Comhairle Contae Lú**
• Yvonne O'Brien – Leabharlannaí Contae & Ceann na Roinne Caighdeán Saoil
• Amanda Branigan – Ard-Leabharlannaí Feidhmiúcháin & ball den Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide
• Linda Larrigan – Ard-Leabharlannaí Feidhmiúcháin
• Brendan McSherry – Oifigeach Oidhreachta & ball den Fhoireann um Ghníomhú ar son na hAeráide
• Aoife Lawler – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Roinn na Ríochta Poiblí
• Alan Sherry – Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Roinn na Ríochta Poiblí
• Aideen Morrissey – Dearthóir Ríochta Poiblí, Roinn na Ríochta Poiblí
• Thomas McEvoy – An Ceann Fiontraíochta, OÁF (Oifig Áitiúil Fiontair)
• Michele Haechler – Oifig Ealaíon
• Catherine Lynch – Oifig Ealaíon
• Anna-Marie McKeown – Oifig Pobail
• Caroline Moran – Oifig Pobail

**Comhpháirtithe Straitéiseacha**
• Ardee Baroque, Pauline Ashwood
• Ionad Ealaíon na Tána, Paul Hayes
• Creative Spark, Sarah Daly
• DKIT – Adele Commins
• Féile Ealaíon Dhroichead Átha, Paul Hayes & Collette Farrell
• Ionad Ealaíon Dhroichead Átha, Collette Farrell
• Ceoil Clasaiceach Dhroicead Átha, Pauline Ashwood
• Gailearaí Highlanes, Aoife Ruane
• Cumann Ceoil Chomhaimseartha Lú, Eamonn Quinn
• Music Generation, Gemma Murray

**Foireann Éire Chruthaitheach Lú tráth an chomhairliúcháin:**
Moya Hodgers (Oifigeach Ealaíon Gníomhach), Yvonne O'Brien (Leabharlannaí Contae), Linda Larrigan (Ard-Leabharlannaí Feidhmiúcháin), Brendan McSherry (Oifigeach Oidhreachta), Brian Walsh (Coimeádaí, Músaem Contae Dhún Dealgan), Lorraine McCann (Cartlannaí Contae), Paul Hayes (Ionad Ealaíon na Tána), Adele Commins (DKIT), Sarah Daly (Creative Spark), Aoife Ruane (Gailearai Highlanes), Collette Farrell (Ionad Ealaíona an Droichid) & Jackie Nowell (Riarthóir Tionscadail Éire Chruthaitheach)

**Próiseas comhairliúcháin**
GM Innovations



# Príomhthorthaí

## **Anailís PESTEL:** Achoimrítear thíos na príomhthéamaí a tháinig chun cinn.

| Polaitiúil | Eacnamaíochta | Eacnamaíochta |
|---|---|---|
| • Athrú Rialtais a d'fhéadfadh athrú ar bheartais a bheith mar thoradh air<br>• An luach a chuirtear ar na healaíona agus an chaoi a léirítear é seo sa mhaoiniú<br>• Ról na n-ealaíon agus an chultúir i bPleananna Forbartha Áitiúla/sa Phlean Corparáideach<br>• Teagmháil le Comhairleoirí<br>• Tionchar leanúnach an Bhreatimeachta<br>• Ról an Fheachtais Náisiúnta ar son na nEalaíon maidir le hinfheistíocht a dhéanamh sa earnáil | • Éiginnteacht maidir leis an éifeacht iarphaindéime ar bhuiséad<br>• Poitéinseal don chúlú eacnamaíoch<br>• Ganntanas scileanna<br>• Treoirscéim Bunioncaim d'Ealaíontóirí<br>• Gá le hardoiliúint agus le díriú ar easnamh scileanna i bpleanáil airgeadais, gnó agus eagraíochtúil<br>• Méadú ar fhiontraíocht chruthaitheach<br>• Tionchar an Bhreatimeachta ar ioncam cruthaitheoirí agus ar tháirgí ealaíontóirí a easpórtáil chuig an RA | • Athruithe ar dhéimeagrafaic an chontae<br>• Éagsúlacht chultúrtha mhéadaithe<br>• An ghéarchéim tithíochta<br>• Príobháideach agus na meáin shóisialta<br>• Daoine ag maireachtáil níos faide agus ag dul ar scor níos déanaí<br>• Ról na n-ealaíon i gcaighdeán na beatha agus san fholláine<br>• Athrú i dtreo maireachtaí agus imeachtaí lasmuigh<br>• Rannpháirtíocht na ndaoine óga agus déagóirí sna healaíona<br>• Saorálachas |
| **Teicneolaíocht** | **Comhshaol** | **Dlíthiúil** |
| • Athrú agus leathnú tapa ar úsáid na teicneolaíochta<br>• Ról méadaithe na n-ealaíon san ábhar cluichíochta scannánaíochta, beochana agus ar líne<br>• Díolachán ar líne/ríomhthráchtáil<br>• Foireann a oiliúint agus a fheabhsú<br>• Dúshlán do dhaoine níos sine maidir le teacht ar theicneolaíochtaí agus iad a úsáid<br>• Cur chuige hibrideach i leith na n-ealaíon a chur i láthair agus a úsáid | • Ról na n-ealaíon ó thaobh aird a dhíriú ar thionchar an athraithe aeráide ar an tsochaí agus ar an ngeilleagar<br>• Fócas ar fhuinneamh inbhuanaithe – earraí agus táirgí chun na healaíona a dhéanamh<br>• Bagairt na paindéime<br>• Ról méadaithe na ríochta poiblí<br>• Dúshlán do ghrúpaí móra camchuairte idirnáisiúnta agus clár ealaíon áitiúil idirnáisiúnta a chothromú | • Tionchar na Cosanta Sonraí agus GDPR ar bhailiú sonraí ar lucht féachana/éisteachta<br>• Comhlíonadh na rialachán Sláinte agus Sábháilteachta<br>• Méadú ar chostais árachais<br>• Soláthar<br>• Conarthaí agus ábhar cruthaitheach/IP a chosaint<br>• Cosaint do leanaí agus do dhaoine fásta leochaileacha<br>• Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána |



# Anailís SWOT

S

W

## Nearta

- Suíomh geografach Lú ar an ais Thuaidh Theas
- Dhá ionad láidre le Droichead Átha agus Dún Dealgan
- Éagsúlacht agus cáilíocht na tallainne ealaíonta trasna na n-amharcealaíon, an chleachtais amharclainne, an cheoil agus na scannán
- Líonraí láidre ó thaobh dearaidh, malartú ealaíontóirí, scannáin, féilte le naisc idirnáisiúnta
- Aitheantas do ról na n-ealaíon agus na hathghiniúna
- Neart na foirne ag Comhairle Contae Lú
- Lucht éisteachta an-tacúil
- Clúdach náisiúnta sna meáin do thionscadail ealaíon
- Na healaíona nasctha le bród
- Nuálaíocht an phobail ealaíne le linn an ghlasála

## Laigí

- Ganntanas spásanna do chruthú, do léiriú agus do chur i láthair na n-ealaíon
- Feasacht íseal poiblí ar na healaíona i Lú
- Acmhainní neamhleor san Oifig Ealaíon
- Bhí easpa borrtha ann de bharr Covid-19 maidir le tógáil ar rathúlacht na Fleidhe Cheoil
- Measadh go bhfuil easpa curaidh do na healaíona i Lú
- Braistint go bhfuil rannpháirtíocht níos isle ag an bpobal leis na healaíona
- Ní mór iarracht chomhaontaithe chun píosa oideachais a dhéanamh – go háirithe do leanaí
- Déan iarracht a bheith nuálaíoch sa phobal agus i bhfor-rochtain
- Modhanna laga chun sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla a ghabháil ar thionchair na n-ealaíon



# O

# T

## Deiseanna

- Comhpháirtíocht leis na hOifigí Fiontair Áitiúla chun cláir thacaíochta a fhorbairt agus a neartú
- Tuiscint a fháil ar an lucht féachana agus ar riachtanais na bpobal éagsúil
- Ról na n-ealaíon i gcur chun cinn na feasachta ar an athrú aeráide
- Forbairt Cheathrúna Cultúrtha
- Ról níos mó do na healaíonta in athbheochan agus i gcomhfhorbairt áite
- Spás cultúrtha nua agus spásanna léirithe lasmuigh
- Feasacht a ardú ar an Scéim Céatadáin don Ealaín ar fud an údaráis áitiúil
- Foireann Éire Chruthaitheach a leathnú thar rannóga eile den údarás áitiúil
- Iniúchadh a dhéanamh ar chomhoibriú traschontae trí chláir mhaoinithe atá ann cheana mar PEACE+
- Comhoibriú maidir le smaointe móra agus tionchar


## Bagairtí

- Easpa acmhainní laistigh den údarás áitiúil ar fud na foirne, airgeadais agus ama
- Teicneolaíocht agus an tionchar ar phobail ar leith i dtéarmaí scileanna agus costais
- Critéir a fhorbairt chun cáilíocht na healaíne a mhaoiniú, a mheas agus a chinneadh
- An ealaín a chothú
- Daoine óga a spreagadh chun na healaíona a roghnú mar shlí bheatha
- Easpa tuisceana ar luach agus ar raon na healaíne atá ar fáil sa chontae
- Dúshlán maidir le cur chuige cuimsitheach a chinntiú i leith na n-ealaíon


# Suirbhé Poiblí
## Príomhthorthaí


**Scaipeadh an suirbhé go forleathan trí bhunachair shonraí reatha ar fud na Seirbhíse Ealaíon agus Chomhairle Contae Lú. Fuarthas 263 freagra a léirigh raon leathan spéise ó chleachtóirí ealaíon, eagraíochtaí ealaíon, tuismitheoirí, oideachasóirí, ionadaithe tofa, grúpaí pobail agus daoine fásta óga. Tháinig freagraí ó cheantair bhardasacha Dhún Dealgan, Bhuirg Dhroichead Átha agus Bhaile Átha Fhirdhia, agus bhí ionadaíocht ag gach aoisghrúpa, ó faoi bhun 18 mbliana d'aois go dtí os cionn 75 bliain d'aois. Is iad seo a leanas príomhthorthaí an tsuirbhé:**

Léiríonn na freagróirí raon leathan spéise agus cúlraí mar a léirítear sa chairt thíos




Léirítear áit chónaithe agus próifíl aoise na bhfreagróirí sna cairteacha thíos







# Caidreamh leis an Oifig Ealaíon

**Taispeánann an graf thíos na réimsí den ealaíon a raibh freagróirí páirteach iontu.**





Dúirt **74%** de fhreagróirí go raibh na Seirbhísí Ealaíon thar a bheith tábhachtach/an-tábhachtach.



**Dúirt freagróirí go bhfuil na réimsí seo a leanas tábhachtach do Phlean Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Lú 2022-2026.**

- Spásanna chun Ealaín a Dhéanamh iontu
- Oiliúint, Meantóireacht agus Tacaíochta d'Ealaíontóirí
- Éagsúlacht agus Cuimsiú
- Féiniúlacht chultúrtha a chruthú do Lú
- Rochtain ar na hEalaíona
- Rannpháirtíocht ar feadh an tSaoil sna hEalaíona a Chothú
- Ealaíona, Taibhiú agus Imeachtaí Lasmuigh
- Comhoibriú agus Comhpháirtíocht
- Margú agus Cur chun cinn na nEalaíon
- Na hEalaíona agus Athghiniúint
- Na hEalaíona agus Forbairt Eacnamaíochta




D'aithin freagróirí réimsí ar leith ar chóir díriú orthu sa Phlean Forbartha Ealaíon 2022-2026, lena n-áirítear Spásanna agus ionaid; Ealaín i gCeantair Thuaithe/Áitiúla; Folláine, Leanaí agus Daoine Óga agus Rannpháirtíocht; Féilte, Imeachtaí, Taispeántais agus Cláir; Rannpháirtíocht Pobail, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus Tacaíochtaí d'Ealaíontóirí











## Tagairtí Grianghrafadóireachta:

Grianghraf clúdaigh: Litriú LÚ Louth ag an Mhainistir Mhór – Sonraí an ghrianghrafadóra, Jenny Callanan.

Page 6: Louth Lú – Litreacha ollmhóra i bhfoirm ealaíne a rinne leanaí an cheantair mar chuid de  Chruinniú na nÓg.

Page 8: Dalta den Ghlúin Cheoil ag seinm ag féile Chruinniú na nÓg ag
'Ceol sa Chearnóg' i gCearnóg an Mhargaidh, Dún Dealgan – Sonraí an ghrianghrafadóra, Ken Finnegan.

Page 11: An fidléir Gerry O'Connor ag Ionad Ealaíon Dhroichead Átha, Taispeántas Sleamhnán – Tionscnamh comhoibritheach ag an bhFleadh Cheile idir an grianghrafadóir míneálíne Kate Nolan agus an fidéir Gerry O'Connor as Contae Lú – ba é Comhairle Contae Lú a choimisiúnaigh an taispeántas – Sonraí an ghrianghrafadóra, Jenny Callanan.

Page 12: Féile Bharócach Bhaile Átha Fhirdhia – Sonraí an ghrianghrafadóra, Adrian Crawley.

Page 13: Cruinniú na nÓg 2022 – Sonraí an ghrianghrafadóra, Ian Moore.
Lá Teaghlaigh ag An Mhainistir Mhór do Chruinniú na nÓg 2019 – Sonraí an ghrianghrafadóra, Jenny Callanan.

Page 15: Taipéis na Tána – Arna mhaoiniú ag Creative Ireland agus arna léiriú ag Ionad Ealaíon na Tána le tacaíocht ó Creative Spark, ba é an toradh ar an gcomhoibriú seo idir cúig chontae – Lú, An Longfort, Ros Comáin, An Iar-mhí agus an Mhí – taipéis cúig phíosa a thaispeánann scéal Tháin Bó Cúailgne – Sonraí an ghrianghrafadóra, Steven Larkin.

Page 16: Grianghraf de Dhealbha na Tána a thaispeánann céimeanna de scéal na Tána – coimisiún ealaíne poiblí leis an ealaíontóír, John Behan.

Page 17: Múrphictiúr Boann – Arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon le maoiniú an Tionscnaimh In the Open I Faoin Spéir, Comhairle Contae Lú, Love Drogheda BIDS agus Bearta Luasghéaraithe Baile & Sráidbhaile. Le tacaíocht ón d hotel, Colourtrend Paints agus Murtagh's i nDroichead Átha – Sonraí an ghrianghradóra, Jenny Callanan.

Butterflies in your Stomach (Féileacáin sa Bholg) – múrmhaisiú LGBTQ+ &  an t-ealaíontóir Alice Lambert. An maisitheoir Francach Licea a dhear agus a chruthaigh an múrmhaisiú seo mar chuid d'Fhéile SEEK, socrú comhoibritheach idir Dundalk BIDS agus Creative Spark, in éineacht lena bpríomhurra Colourtrend. Arna thacú ag Comhairle Contae Lú agus clár Éire Chruthaithí – Sonraí an ghrianghradóra, Ken Finnegan.

Page 20: Íomhá d'ócáid de Thaibhiú Beo Áitiúil – Sonraí an ghrianghradóra, Cathal Carolan.

Page 22 -23: Féile Ealaíon Dhroichead Átha 2018 ag Teach Beaulieu – Sonraí an ghrianghradóra, Jenny Callanan.

Page 28: Ceol i gCúram Sláinte – na ceoltóirí Liam Merriman, Grainne Hope agus Lisa McGuinness ag déanamh ceoil in áit chónaitheach Moorehal i mBaile Átha Fhirdhia mar chuid dár gclár Ceol i gCúram Sláinte.
Dóiteán Ragu ag Cnocán an Mhuilinn mar chuid d'Fhéile Ealaíon Dhroichead Átha 2022 – Sonraí an ghrianghradóra, Jenny Callanan.

Page 29: Bára Gísladóttir & Skúli Sverrisson ag seinm ag an Spirit Store, Dún Dealgan i Meitheamh 2022 mar chuid d'Fhéile Chumann Ceoil Chomhaimseartha Lú – Sonraí an ghrianghrafadóra, Ken Finnegan.
Gailearaí Highlanes - Oíche Chultúir 2020 – Sonraí an ghrianghradóra, Brian Connolly.

Page 30: An dealbhóireacht Unexpected Gleaming leis an ealaíontóir Sarah McKenna – cuid de Bhailiúchán Thaisce Lú –  Sonraí an ghrianghradóra, Jenny Callanan.

www.createlouth.ie I www.louthcoco.ie

## CONTACT US

Seirbhís Ealaíon Lú
Comhaire Contae Lú
Ionad na Mílaoise
Dún Dealgan
Co Lú
A91 KFW6

042 9335457

arts@louthcoco.ie

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council